

Eolaí Óg na Bliana

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mhac léinn scoile as Coláiste Choilm atá ina Eolaí Óg na Bliana 2018. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin gcomórtas *Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT* leis an duine in aice leat.



Ceist 2

Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí thíos a aimsiú?

1. fáilte chroíúil _____
2. bronnadh an gradam _____
3. dul i ngleic le galair agus tinnis _____
4. comhghleacaithe _____
5. taighde _____
6. tréithe frithsheasmhacha _____
7. frithbheathach _____
8. sa dúchas aige _____
9. athair críonna _____
10. deich mbabhta _____
11. iomráiteach _____
12. ag feitheamh _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 3

Féach ar an mír den dara huair agus lean na treoracha thíos.

1. Scríobh síos an t-eolas ar fad a chloiseann tú faoi chúlra Simon Meehan.
2. Scríobh síos an t-eolas ar fad a chloiseann tú faoin taighde a rinne sé.
3. Léigh amach an méid a scríobh tú don duine in aice leat. An raibh an t-eolas céanna agaibh?

Ceist 4 Bain amach na lúibíní sna habairtí thíos agus cuir an fhoirm cheart de na focail sna bearnaí.

1. Bronnadh an gradam ar an mac léinn, atá cúig (bliain) _____ déag d'aois, as an taighde atá déanta aige ar (plandaí) _____ éagsúla agus a gcumas dul i ngleic le galair agus tinnis.
2. Lá dá shaol, Eolaí Óg na Bliana, Simon Meehan, agus an (creach) _____ á taispeáint aige dá (comhghleacaithe scoile) _____ i gColáiste (Colm) _____, Baile an Chollaigh.
3. An eolaíocht sa (dúchas) _____ aige, ghabh sé buíochas as an tacaíocht a fuair sé óna mháthair, bitheolaí, agus óna (athair críonna) _____, luibheolaí.
4. Tá Eolaí Óg na bliana bainte amach ag Corcaigh deich mbabhta ó cuireadh tús leis an (comórtas) _____, ach is é seo an (céad) _____ uair an gradam iomráiteach seo a bheith tagtha go Coláiste Choilm.

Ceist 5 ‘...deich mbabhta...’

A. Scríobh amach na huimhreacha thíos i bhfocail agus athraigh na hainmfhocail más gá.

- 1 (madra)
- 3 (bord)
- 5 (gloine)
- 7 (bliain)
- 8 (ábhar)
- 10 (ceann)
- 11 (cupán)
- 12 (oíche)
- 14 (bliain)
- 16 (bus)
- 19 (cóipleabhar)
- 20 (doras)

Ceist 6 Cén focal atá agat féin ar ‘athair críonna’?

Conas a chuirfeá Gaeilge ar na focail seo a leanas?

grandmother, cousin, great-aunt agus uncle

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

- | | |
|---------------------------------------|---------------------------------------|
| 1. fáilte chroíúil | <i>cordial welcome</i> |
| 2. bronnadh an gradam | <i>the award was presented</i> |
| 3. dul i ngleic le galair agus tinnis | <i>tackle diseases and sicknesses</i> |
| 4. comhghleacaithe | <i>peers/colleagues</i> |
| 5. taighde | <i>research</i> |
| 6. tréithe frithsheasmhacha | <i>resistant qualities</i> |
| 7. frithbheathach | <i>antibiotic</i> |
| 8. sa dúchas aige | <i>in his blood/nature</i> |
| 9. athair críonna | <i>grandfather</i> |
| 10. deich mbabhta | <i>ten times/rounds</i> |
| 11. iomráiteach | <i>famous</i> |
| 12. ag feitheamh | <i>waiting</i> |

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Bronnadh an gradam ar an mac léinn, atá cúig **bliana** déag d'aois, as an taighde atá déanta aige ar **phlandaí** éagsúla agus a gcumas dul i ngleic le galair agus tinnis.
2. Lá dá shaol, Eolaí Óg na Bliana, Simon Meehan, agus an **chreach** á taispeáint aige dá **chomhghleacaithe scoile** i gColáiste **Choilm**, Baile an Chollaigh.
3. An eolaíocht sa **dúchas** aige, ghabh sé buíochas as an tacaíocht a fuair sé óna mháthair, bitheolaí, agus óna **athair críonna**, luibheolaí.
4. Tá Eolaí Óg na bliana bainte amach ag Corcaigh deich mbabhta ó cuireadh tús leis an **gcomórtas**, ach is é seo an **chéad** uair an gradam iomráiteach seo a bheith tagtha go Coláiste Choilm.

Ceist 5

madra amháin / aon mhadra amháin
trí bhord
cúig ghloine
seacht mbliana
ocht n-ábhar
deich gcinn
aon chupán déag
dhá oíche dhéag
ceithre bliana déag
sé bhus déag
naoi gcóipleabhar déag
fiche doras

Ceist 6

athair críonna – seanathair, athair mór
grandmother – máthair chríonna, máthair mhór, seanmháthair
cousin – col ceathrair
great-aunt – seanaintín
uncle – uncail

Eimear Ní Chonaola

Cuireadh fáilte chroíúil roimh Eolaí Óg na Bliana, Simon Meehan, i gColáiste Choilm i mBaile an Chollaigh, i gContae Chorcaí ar maidin. Bronnadh an gradam ar an mac léinn, atá cúig bliana déag d'aois, as an taighde atá déanta aige ar phlandaí éagsúla agus a gcumas dul i ngleic le galair agus tinnis.

Seán Mac an tSíthigh

Lá dá shaol, Eolaí Óg na Bliana, Simon Meehan, agus an chreach á taispeáint¹ aige dá chomhghleacaithe scoile i gColáiste Choilm, Baile an Chollaigh. Bhí a chuid taighde dírithe ar na tréithe frithsheasmhacha in aghaidh galair atá ag plandaí áirithe.

Niamh Ní Dhrisceoil, Múinteoir Eolaíochta, Coláiste Choilm

Go bunúsach, an rud atá sé tar éis a dhéanamh ná go bhfuil sé tar éis teacht ar thrí fhrithbheathach éagsúla² a bhfuil éifeacht acu in aghaidh baictéar, baictéir áirithe ar nós *Staphylococcus aureus*, MRSA agus baictéir eile a bhfuil an ... a théann i bhfeidhm go mór ar othair le *cystic fibrosis*³.

Seán Mac an tSíthigh

An eolaíocht sa dúchas aige, ghabh sé buíochas as an tacaíocht a fuair sé óna mháthair, bitheolaí, agus óna athair críonna, luibheolaí.

Tá Eolaí Óg na Bliana bainte amach ag Corcaigh deich mbabhta ó cuireadh tús leis an gcomórtas, ach is é seo an chéad uair an gradam iomráiteach seo a bheith tagtha go Coláiste Choilm.

Daithí Ó Gallchoir, Leas-Phríomhoide, Coláiste Choilm

Táimid chomh bródúil as Simon, *because* táimid ag feitheamh le fada an lá chun é seo a bhuachan⁴. *Now*, táimid tar éis cúpla dara háit a fháil agus tá múinteoirí tar éis duaiseanna a bhuachan chomh maith, [ach] ba é seo an chéad uair atáimid⁵ tar éis an ceann is tábhachtaí a bhuachan.

Seán Mac an tSíthigh

Agus níl deireadh déanta ag Simon go fóill.

“I’d love to be able to say that I found a major, major effect against MRSA and I’d love to be able to benefit patients in hospitals...”

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Baile an Chollaigh.

¹ á thaispeáint a dúradh

² frithbheathaigh éagsúil a dúradh

³ fiobróis chisteach an leagan Gaeilge

⁴ a bhuachaint a dúradh

⁵ go bhfuilimid a dúradh